Polasaí Gaeilge don Chlós agus timpeallacht na scoile

Aidhm

Gaeilge a bheith in úsáid i gcónaí mar theanga cumarsáide ag na leanaí agus an foireann agus iad i dtimpeallacht na scoile.

Cur chuige

Beidh sé de dhualgais ar gach duine sa scoil iarracht a dhéanamh ar Ghaeilge a chur chun chinn i gcónaí mar theanga cumarsáide. Beimid ag súil go mbeidh gach páiste agus múinteoir ag déanamh iarracht ar Ghaeilge a labhairt i gcónaí. Chun go dtarlóidh a leithéid beidh ar an bhfoireann na rudaí seo leanas a chur i gcrích

1. Frásaí úsáideacha don chlós a bheith múinte agus foghlamtha. (An féidir liomsa imirt?, bhi mise ann romhat 7rl

2. Comharthaí a bheith curtha in airde ag fógairt gurb í Gaeilge teanga na scoile.

3. Na páistí ó na bun ranganna (naoinán ach go háraithe) a mhealladh chun a gcuid Gaeilge a úsáid agus a bheith dian ar na páistí níos sinne. Is féidir íde béil a thabhairt dóibh agus iachaill a chur orthu rudaí a rá as Gaeilge. B'fhearr go fóill gan pionós a ghearradh ar pháistí atá ag stealladh Béarla más rud é go bhfuilid sásta iarracht a dhéanamh tar éis an múinteoir ar an gclós a bheith ag labhairt leo.

4. **Duaiseanna a bhronnadh ar <u>na ranganna is fearr sa scoil</u> atá ag déanamh iarracht ar a gcuid Gaeilge a chleachtadh**.

An duais ná cúig nóiméad níos mó a thabhairt don rang sin sa chlós ar an Aoine ag deireadh an dara sosa (nó an chéad sosa má tá siad ag dul ag snámh). Déanfaidh na múinteoirí breithiúnas ar seo ag gach sos agus tabharfar marc amháin do rang amháin atá go maith chun Gaeilge a úsáid. Beidh ceithre mharc le fáil gach lá, ceann amháin i ndiaidh gach sosa ag gach múinteoir. Is féidir leis na múinteoirí na marcanna a scríobh ar chairt a bheidh in oifig an phríomhoide. Ni bheidh a fhios ag éinne go dtí an Luan dár gcionn cé rang atá tar éis buacaint.

5. **Duaiseanna i ngach rang do 'Ghaeilgeoir na Seachtaine'.**

Déanfaimid suas teastas a beidh le bronnadh don t seachtain ag an tionóil gach Luan don tseachtain roimhe sin. Ghlaofar amach ainm duine amháin i ngach rang agus bronnfar an teastas orthu os comhair na scoile ar fad. Déanfaidh gach múinteoir an cinneadh dá rang agus is féidir duais a thabhairt ar nós pas obair bhaile scríofa, nó

am breise ar obair ríomhaireachta (rud gur féidir le gach múinteoir a dhéanamh amach ach b'fhearr nach mbeadh duaiseanna cosúil le milseáin/turasanna i gceist).

Chomhionnanas/Cothrom na Féinne

Caithfimid a bheith cinnte go bhfuil gach páiste/rang den tuairim gur féidir leo na duaiseanna a bhuacaint ag aon am. Mar sin beidh an béim i gcónaí ar iarracht níos mó ná ar chruinneas nó líofacht na bpáistí. Chomh maith le sin caithfimid a bheith cinnte go bhfuil na duaiseanna a roinnt againn go cothrom i measc na páistí/ranganna gan a bheith a tabhairt duaiseanna ar bheag iarracht. Oibreoidh an córas seo níos fearr múna bhfuil tuairim ann go bhfuil seans níos fearr ag ranganna áraithe/ cailíní/buachaillí/ aoiseanna áraithe 7rl.

Cuairteoirí ar Scoil

Déanfaimid iarracht go bhfuilimid ag mealladh an méid Gaeilge is mó ó chuairteoirí go dtí an scoil agus go dtí an oifig. Is ceart go mbeimis in ann beannachtaí ar a laghad a fháil as Gaeilge ó formhór na cuairteoirí go dtí an scoil. Aon mhúinteoir a bheidh a múineadh na páistí ranganna breise, beimid ag súil le frásaí Gaeilge a bheith fite fuaite ina gceachtanna.

Pínósanna

Táimid den tuairim gur cheart brú a chur ar na h-ardranganna ach go h-áraithe chun Gaeilge a labhairt agus iad ar scoil. Ni cheart go n-úsáidfear Béarla leis an bhfoireann agus i measc na daltaí scoile nó le cuairteoirí go dtí an scoil atá sásta Gaeilge a úsáid. Má cheapann aon mhúinteoir go bhfuil páiste ann nach bhfuil ag déanamh iarracht ar bith Gaeilge a úsáid in ionad Béarla tar éis dó/di foláireamh a fháil cuirfear pionós ar an bpáiste sin mar gur riail na Gaeilge ceann do rialacha na scoile.

Na smachtbhannaí a bheadh oiriúnach ná

- labhairt leis an bpáiste go crosta faoi rialacha na scoile agus íomhá na scoile i dtaobh Gaeilge
- An páiste a thógaint ón gcluiche/ óna chairde ar feadh tamaillín bhig
- Scéal a chur abhaile faoin iompar seo.

Athbhreithniú

Cuirfimid an polasaí seo i bhfeidhm ón 6ú de Mheán Fómhair 2010 agus déanfaimid athbhreithniú ar ag an gcéad cruinniú foirne i ndiaidh na Samhna.

Ruaidhrí